


An Ghaeilge: Réamhobair

A Pléigh na ceistanna thíos le do pháirtí ranga.

- Cé na teangacha a labhraíonn tú?
- An bhfuil tú muiníneach as do chumas sna teangacha ar fad a labhraíonn tú? Cén fáth?
- An dtaitníonn an Ghaeilge leat mar ábhar scoile?

B Meaitseáil an focal leis an mbrí atá leis.

| | | |
|---------------------|---|--------------------|
| teangacha iasachta |  | minority language |
| scileanna labhartha | | irish |
| cur amú airgid | | foreign languages |
| ábhar éigeantach | | compulsory subject |
| mionteanga | | speaking skills |
| an Ghaeilge | | a waste of money |

C Líon na bearnaí.

1. Is _____ í an Ghaeilge agus ba chóir í a chaomhnú.
2. Is í _____ an t-ábhar is fearr liom ar scoil.
3. Tá _____ fíorthábhachtach má tá tú ag iarraidh post idirnáisiúnta a fháil.
4. Cuirtear an-bhéim ar na _____ ag leibhéal na bunscoile.
5. Is _____ iad na mionteangacha.
6. Tá an Ghaeilge ina h_____ go dtí leibhéal na hArdteistiméireachta.



An Ghaeilge: Mír a hAon

A Cuir in ord na ráitis thíos (1 – 5 sna boscaí), mar a deirtear sa mhír iad.

Nach mbeadh sé iontach ár dteanga féin a labhairt agus...

- Gan a bheith do do chur féin soir leis
- Gan a bheith ag troid ar son cearta
- Gan a bheith go síoraí á cosaint
- Gan a bheith ag éileamh seirbhísí
- Gan a bheith ag streachailt leis i gcónaí

B Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.

Céard é an príomh-mhothúchán atá á chur in iúl sa mhír seo? Cén fáth?

- Éadóchas
- Dóchas
- Fearg
- Searbhas
- Magadh



An Ghaeilge: Mír a Dó

A Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Céard iad na rudaí a luaitear ar cheart níos mó airgid a chaitheamh orthu? [níos mó ná rud amháin]

- Bóithre
- Ospidéal
- Teangacha iasachta

2. Cén fáth nach gceaptar go bhfuil iachall (iallach) ar dhaoine an Ghaeilge a dhéanamh ar scoil?

- Faigheann go leor daoine díolúine
- Ní bheidh an Ghaeilge éigeantach ar scoil i bhfad eile
- Tá na scrúduithe ag éirí níos éasca

3. Cén locht atá ag an gcainteoir ar an nGaeilge mar ábhar scoile?

- Caithtear an iomarca ama ar an nGaeilge ar scoil
- Níl blas ar bith dár litríocht, dár bhfilíocht, dár saibhreas teanga fágtha
- Ní chaitear dóthain ama á cleachtadh mar theanga labhartha

B Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.

- An aontaíonn tú gur cheart go mbeadh an Ghaeilge éigeantach sna scoileanna?
- Cé na hathruithe a mholfá don siollabas Gaeilge i láthair na huaire?
- An gceapann tú go mbainfidh tú úsáid as do chuid Gaeilge amach anseo? Céard faoi do chuid ábhar eile?



An Ghaeilge: Mír a Trí

A Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Céard iad na deacrachtaí a bhíonn ag Gaeilgeoirí go minic, dar leis an mír? [níos mó ná freagra amháin]

- canúintí eile Gaeilge a thuiscint
- foirmeacha dothuigthe a líonadh isteach ar líne
- clann a thógáil le Gaeilge
- fanacht le do ghnó a dhéanamh trí Ghaeilge

2. Cén fáth nach maith leis an gcainteoir a hainm a litriú do dhaoine eile?

- iarrtar uirthi cén Béarla atá ar a hainm agus ní maith léi é a aistriú
- ní bhaineann sé leo
- ní chuirtear an cheist chéanna ar lucht an Bhéarla

B Do thuairim.

- Ní maith leis an gcainteoir géilleadh agus a hainm ná a teanga a athrú. Céard a cheapann tú faoin meon sin?
- An bhfuil an Ghaeilge lárnach d'fhéiniúlacht na hÉireann, dar leatsa?
- An bhfuil sé tábhachtach an Ghaeilge a chaomhnú mar theanga bheo? Cén fáth?

C Díospóireacht ranga.

Pléigh an rún thíos le do ghrúpa.

“An bhfuil ár dteanga cailte?”

Nótaí